2023.M88

2023L001B1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Gaeilge

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

## Bonnleibhéal

## Dé Luain 12 Meitheamh   Tráthnóna 2:00 – 4:20

360 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí chuid sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | Cluastuiscint | 120 marc |
| Freagair **gach** ceist. | | |
| Cuid II: ROINN I | Léamhthuiscint | 150 marc |
| Freagair **gach** ceist (1, 2 *agus* 3). | | |
| Cuid II: Roinn II | Scríobh na Teanga | 90 marc |
| Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4(a), 4(b), 5(a) **nó** 5(b). | | |

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe**.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ar an gclúdach tosaigh.


Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh an leabhráin. **Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist**.


Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. **Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí**.

# CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1(a)** Cén post atá ag athair Chiara?








**Ceist 1(b)** Cén rud a bhfuil an-spéis ag Ciara ann?

| | |
|---|---|
| Ainmhithe | |
| Obair thógála | |
| Dul chuig Coláiste na Tríonóide | |

**Ceist 2(a)** Cárbh as do Shéamus ó dhúchas?











**Ceist 2(b)** Cén duine a bhíonn ag cócaireacht?

| | |
|---|---|
| Séamus | |
| Anna | |
| Billy | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an fear ag dul?












**Ceist 4** Cá bhfuil an mheánscoil? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)





**Ceist 5(a)** Cad a bheidh ar siúl?









**Ceist 5(b)** Cén teocht is ísle a bheidh ann amárach?

| | |
|---|---|
| 23° Celsius | |
| 29° Celsius | |
| 31° Celsius | |

**Ceist 6(a)** Cén fáth nach bhfuil a Daid sásta le Laoise?

| | |
|---|---|
| Tá a pictiúr ar Instagram. | |
| Tá fáinne ina srón aici. | |
| Fuair sí fáinne cluaise eile. | |

**Ceist 6(b)** Cé mhéad a chosnóidh an turas scoile?

| | |
|---|---|
| €40 | |
| €750 | |
| €1,000 | |

**Ceist 7(a)** Cá háit a raibh Máire ar saoire?

| | |
|---|---|
| Ar Inis Mór | |
| I Ros an Mhíl | |
| I gCathair na Gaillimhe | |

**Ceist 7(b)** Conas a thaistil Máire ar ais go Cathair na Gaillimhe?

| | |
|---|---|
| Ar an eitleán | |
| Ar an mbád | |
| Ar an rothar | |

**Ceist 8(a)** Cá háit a raibh Rian ag an gCáisc?

| | |
|---|---|
| I mBaile Átha Cliath | |
| In Birmingham Shasana | |
| I mBeirlín sa Ghearmáin | |

**Ceist 8(b)** Cad a cheannaigh Rian dá chailín?







| | |
|---|---|
| Bráisléad | |
| Geansaí | |
| Cúpla t-léine | |

**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 6 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

## CUID II: ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. **(40 marc)**

| | **Uimhir** | **Litir** | |
|---|---|---|---|
| 1. **Club Gailf**<br>Fáilte roimh dhéagóirí<br>Cláraigh anois | **1** | |  A |
| 2. **Ranganna Damhsa**<br>Gach Déardaoin<br>€50 ar théarma sé seachtaine | **2** | |  B |
| 3. **Seachain an Madra**<br>Fan amach | **3** | |   C |
| 4. **Carr ar díol**<br>Dath dubh, bliain 2018<br>Glaoigh ar 01 548 9321 | **4** | |  D |
| 5. **Ceachtanna gluaisrothair**<br>Ar fáil<br>Eolas: ceachtannagluaisrothair.ie | **5** | |  E |
| 6. **Saotharlann Eolaíochta**<br>Cosc ar bhia agus ar dheoch | **6** | |  F |
| 7. **Bóthar dúnta**<br>Malairt slí romhat<br>Lean na comharthaí | **7** | |   G |
| 8. **Radharceolaí**<br>Tástáil súl ar €15.00 an duine<br>Spéaclaí dearthóra ar fáil | **8** | |  H |
| 9. **Club peile**<br>Buachaillí agus cailíní<br>Traenáil gach Satharn | **9** | |  I |
| 10. **Ceolchoirm**<br>Chun cabhrú le teifigh ón Úcráin<br>Dé Sathairn i Halla an Phobail | **10** | |  J |

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

20 An Bóthar Ard,
Inse Chór,
Baile Átha Cliath 8.
12 Bealtaine 2023

An Bainisteoir,
An Bia Blasta,
Dún Búinne,
Co. na Mí.

A Bhainisteoir, a chara,

Chonaic mé fógra ar *Facebook* go bhfuil folúntas agat do chócaire sa bhialann *An Bia Blasta* i nDún Búinne. Ba bhreá liom iarratas a chur isteach ar an bpost sin. Táim ocht mbliana déag d'aois. Rinne mé an Ardteistiméireacht anuraidh. Fuair mé grád H2 sa Bhéarla, H2 san Ealaín, H3 sa Mhatamaitic agus grád H1 san Eacnamaíocht Bhaile.

Bhí mé ag obair ag cuntar an deilí san ollmhargadh áitiúil an samhradh seo caite. Faoi láthair, oibrím go páirtaimseartha mar chócaire sa chaifé *An Cupán Tae*. Tá a lán taithí agam ar chócaireacht glasraí agus feola. Is féidir liom dinnéir éagsúla a réiteach agus cístí milse a bhácáil. Tá scil ar leith agam i milseoga deasa a chruthú. Taitníonn gach saghas bia liom féin. Ba mhaith liom go mór tabhairt faoi níos mó cúrsaí traenála sa todhchaí. Is aoibhinn liom rith, léamh agus taisteal thar lear mar chaitheamh aimsire. Istigh leis seo tá teastas agam ó mo scoil. Beidh mé sásta freastal ar agallamh am ar bith.

Is mise,

Seán Mac Donncha

**Ceisteanna**

**1.** Cá háit a bhfuil *An Bia Blasta* suite?

| | |
|---|---|
| Thar lear | |
| Inse Chór, Baile Átha Cliath | |
| Dún Búinne, Co. na Mí | |

**2.** Cén t-ábhar ina bhfuair Seán grád H1?

| | |
|---|---|
| San Eacnamaíocht Bhaile | |
| Sa Mhatamaitic | |
| San Ealaín | |

**3.** Cá raibh Seán ag obair an samhradh seo caite?

| | |
|---|---|
| Sa chaifé *An Cupán Tae* | |
| Ag cuntar an deilí san ollmhargadh | |
| Sa bhialann *An Bia Blasta* | |

**4.** Cén scil chócaireachta ar leith atá ag Seán?


| | |
|---|---|
| Dinnéar a réiteach | |
| Milseoga deasa a chruthú | |
| Cístí a bhácáil | |

**5.** Cathain a bheidh Seán sásta freastal ar agallamh?

| | |
|---|---|
| 12 Bealtaine 2023 | |
| An mhí seo chugainn | |
| Am ar bith | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

## An Cailín Ciúin - scannán iontach




Tá an scannán Gaeilge *An Cailín Ciúin* bunaithe ar an ngearrscéal Béarla *Foster* le Claire Keegan. Is scéal é faoi chailín óg naoi mbliana d'aois i dteaghlach atá róphlódaithe. Cuireann a muintir an cailín óg chuig a gaolta sa Rinn, Co. Phort Láirge don samhradh. Is scannán iontach é agus thaitin sé leis na sluaite anseo in Éirinn agus thar lear.

Is í an t-aisteoir óg, Catherine Clinch, atá sa phríomhpháirt, Cáit. Tá páirt shuntasach ag a máthair altrama, Eibhlín (Carrie Crowley), agus ag a hathair altrama, Seán (Andrew Bennett), sa scannán chomh maith. Cuireann Eibhlín fáilte mhór roimh Cháit. Déanann Eibhlín gach iarracht cumarsáid agus caidreamh maith a chothú eatarthu. Ag an tús fanann fear an tí, Seán, amach ó Cháit. De réir a chéile, fásann cairdeas an-mhaith idir Seán agus Cáit.

Dúirt stiúrthóir an scannáin, Colm Bairéad, gur thaitin *An Cailín Ciúin* le daoine in Éirinn agus thar lear. Níor cheap aon duine go mbeadh tóir chomh mór ar an scannán. Taispeánadh an scannán i dtosach ag seó scannánaíochta i mBeirlín na Gearmáine. Is é an chéad scannán Gaeilge é a taispeánadh ag an bhféile sin riamh. Tugadh ardmholadh don scannán. Bronnadh ocht ngradam IFTA ar *An Cailín Ciúin*, ina measc An Scannán is Fearr agus An Stiúrthóir is Fearr. Freisin, bronnadh an gradam An tAisteoir Mná is Fearr ar Catherine Clinch.

Thug TG4 le fios go bhfuil siad iontach bródúil go bhfuil cáil bainte amach ag *An Cailín Ciúin* i bhfad agus i ngearr. Bhí *An Cailín Ciúin* san iomaíocht do ghradam an Phríomhscannáin Idirnáisiúnta is Fearr, oíche na ngradam Oscar, in Hollywood an t-earrach seo caite.

**Ceisteanna**

**1.** Cad faoi atá an scéal sa scannán *An Cailín Ciúin*?

| | |
|---|---|
| Faoin samhradh | |
| Faoi Chontae Phort Láirge | |
| Faoi chailín óg | |

**2.** Cén pháirt atá ag Catherine Clinch sa scannán?

| | |
|---|---|
| Eibhlín | |
| Cáit | |
| Seán | |

**3.** Cá háit ar taispeánadh *An Cailín Ciúin* i dtosach?

| | |
|---|---|
| In Hollywood | |
| I mBeirlín na Gearmáine | |
| Sa Rinn, Co. Phort Láirge | |

**4.** Cé mhéad gradam IFTA a bronnadh ar *An Cailín Ciúin*?

| | |
|---|---|
| 3 | |
| 8 | |
| 9 | |

**5.** Cad a bhí ar siúl in Hollywood an t-earrach seo caite?

| | |
|---|---|
| Oíche na ngradam Oscar | |
| Oíche na ngradam IFTA | |
| *An Cailín Ciúin* | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

## Stoirm

Bhí an t-ádh dearg ar dhaltaí bunscoile i mbaile beag i gConamara, Co. na Gaillimhe, i mí Eanáir seo caite. Osclaíodh an scoil ar a naoi a chlog ar maidin. Thosaigh stoirm mhór ag séideadh ar a deich a chlog. Chuaigh an stoirm ó neart go neart i rith na maidine. Díreach ar uair an mheán lae chroch an gála láidir an díon den scoil. Bhí na daltaí agus na múinteoirí scanraithe ina mbeatha. Ní raibh na múinteoirí ábalta fios a chur ar na seirbhísí slándála mar ní raibh na fóin ag obair de bharr na stoirme. Bhí faitíos orthu dul amach sa stoirm ag lorg cabhrach. Chonaic feirmeoir a bhí ag dul thar bráid ar a tharracóir go raibh an díon imithe den scoil. Chuaigh sé isteach sa scoil chun an scéal a fhiosrú. Chonaic sé na daltaí bochta agus na múinteoirí ar foscadh i gcúinne agus faitíos an domhain orthu. Thiomáin an feirmeoir ocht míle go dtí stáisiún na nGardaí. D'inis sé an scéal dóibh. Chuir na Gardaí fios ar na seirbhísí slándála eile láithreach bonn.

Bhí na Gardaí agus dhá otharcharr ar an láthair i bpreabadh na súl. Tháinig an t-inneall dóiteáin go gairid ina dhiaidh sin. Cé nach raibh aon duine de na daltaí gortaithe bhí siad scanraithe ina mbeatha agus ag crith le heagla. Bhí siad fliuch go craiceann ag an mbáisteach freisin. Tugadh na daltaí agus na múinteoirí go dtí an t-ionad pobail sa cheantar. Tháinig dochtúir agus altra go dtí an t-ionad pobail agus chinntigh siad go raibh gach duine ceart go leor. Thosaigh na tuismitheoirí ag teacht isteach agus ag bailiú a bpáistí nuair a chuala siad an scéal. Cé go raibh imní ar na tuismitheoirí bhí siad buíoch go raibh a bpáistí slán sábháilte. Ghlac gach duine buíochas mór leis an bhfeirmeoir, leis na Gardaí agus le gach duine eile a chuidigh. Bhí an gála láidir fós ag séideadh nuair a chuaigh na páistí a chodladh an oíche sin.

**Ceisteanna**

**1.** Cén t-am a thosaigh an stoirm mhór ag séideadh?

| | |
|---|---|
| Ar a naoi a chlog ar maidin | |
| Ar a deich a chlog ar maidin | |
| Ag meán lae | |

**2.** Cén fáth nár ghlaoigh na múinteoirí ar na seirbhísí slándála?

| | |
|---|---|
| Bhí siad scanraithe. | |
| Bhí siad ar foscadh. | |
| Ní raibh na fóin ag obair. | |

**3.** Cá háit ar thiomáin an feirmeoir ag lorg cabhrach?

| | |
|---|---|
| Go dtí stáisiún na nGardaí. | |
| Go dtí an t-ionad pobail. | |
| Go dtí an stáisiún dóiteáin. | |

**4.** Cé a chinntigh go raibh gach duine ceart go leor?

| | |
|---|---|
| Na múinteoirí | |
| Na Gardaí | |
| Dochtúir agus altra | |

**5.** Cén fáth a raibh na tuismitheoirí buíoch?

| | |
|---|---|
| Bhí dochtúir ann. | |
| Bhí a bpáistí slán sábháilte. | |
| Bhí stoirm mhór ann. | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Gearóid Hegarty – sár-iománaí**



Rugadh Gearóid Hegarty i Luimneach sa bhliain 1994. Duine aclaí spórtúil ba ea Gearóid ina óige. D'imir sé rugbaí, peil Ghaelach, sacar, cispheil agus iomáint nuair a bhí sé ag fás aníos. Ach is mar iománaí a bhain Gearóid clú agus cáil amach ar fud na hÉireann. Go dtí seo, tá ceithre bhonn uile-Éireann san iomáint buaite aige le foireann iomána Luimnigh. Bhain sé bonn uile-Éireann san iomáint den chéad uair sa bhliain 2018 nuair a bhí an lámh in uachtar ag Luimneach ar Ghaillimh.

Nuair a bhí Gearóid sa mheánscoil tugadh a thallann iontach san iomáint agus sa pheil Ghaelach faoi deara. Ina dhiaidh sin, d'fhreastail Gearóid ar Ollscoil Luimnigh agus d'imir sé peil agus iomáint le foirne na hollscoile. Chomh maith leis sin, d'imir Gearóid Hegarty peil Ghaelach agus iomáint le foireann iomána agus le foireann pheile Luimnigh faoi 21. In 2017, dhírigh sé go huile agus go hiomlán ar an iomáint. Bhí sé ar fhoireann sinsir iománaíochta Luimnigh a bhuaigh Craobh na hÉireann den chéad uair le 38 bliain in 2018 in aghaidh na Gaillimhe. Tá craobh shinsir iomána na Mumhan buaite aige ceithre huaire agus an tSraith Náisiúnta Iomána faoi dhó. Is iomaí uair a bronnadh gradam *Laoch na hImeartha* air. Tá trí ghradam *All-Star* bainte amach aige go dtí seo freisin agus bronnadh gradam *Imreoir na Bliana* air sa bhliain 2020.

Is iomaí tréith atá i nGearóid Hegarty. Is imreoir sciliúil, láidir, tapa ar pháirc na himeartha é. Is duine iontach cabhrach agus cairdiúil é. Déanann sé a lán oibre ar son na carthanachta agus chun daoine óga a spreagadh i dtreo an spóirt. Gura fada buan é ar pháirc na himeartha.

**Ceisteanna**

**1.** Cén bhliain a rugadh Gearóid Hegarty?

| | |
|---|---|
| 1994 | |
| 2015 | |
| 2018 | |

**2.** Cén spórt inar bhuaigh Gearóid ceithre bhonn uile-Éireann?

| | |
|---|---|
| Rugbaí | |
| Iomáint | |
| Peil Ghaelach | |

**3.** Cá háit ar fhreastail Gearóid ar an ollscoil?

| | |
|---|---|
| I nGaillimh | |
| I gCorcaigh | |
| I Luimneach | |

**4.** Cé mhéad gradam *All-Star* atá bainte amach ag Gearóid?

| | |
|---|---|
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |

**5.** Luaigh tréith **amháin** atá i nGearóid Hegarty.

| |
|---|
| |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

### Eimear Ní Chonaola




Tá Eimear Ní Chonaola ag obair le TG4 ón mbliain 2000. Thosaigh sí mar iriseoir i dtús báire agus ina dhiaidh sin bhíodh sí ag léamh na nuachta ag an deireadh seachtaine. Faoi láthair is í Eimear an príomhláithreoir nuachta ar TG4.

Rugadh Eimear sa bhliain 1977. D'fhás sí aníos sa Spidéal, baile beag i nGaeltacht Chonamara atá thart ar dheich míle ó chathair na Gaillimhe. D'fhreastail sí ar an mbunscoil agus ar an meánscoil sa Spidéal. Thaitin teangacha, drámaíocht agus ceol go mór léi. Bhí sí go maith ag an spórt freisin. D'fhreastail Eimear ar Ollscoil na Gaillimhe ina dhiaidh sin agus bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis chomh maith le hArd-Dioplóma sa Chumarsáid Fheidhmeach. Ansin thosaigh Eimear ag obair le TG4.

In 2011, bhí Eimear mar chathaoirleach ar an gcéad díospóireacht toghcháin a craoladh as Gaeilge ar TG4 riamh agus bhí os cionn leathmhilliún duine ag féachaint air. Fuair Eimear moladh mór de bharr a cuid scileanna ag stiúradh na díospóireachta agus bhuaigh sí trí dhuais Oireachtais dá bharr. Deir Eimear go bhfuil a lán athruithe tagtha ar an saol oibre in TG4 le blianta beaga anuas. Is minic anois a dhéantar agallaimh le daoine don nuacht ar Skype, ar Zoom nó ar WhatsApp in ionad na daoine teacht isteach sa seomra nuachta.

Tá cónaí ar Eimear sa Spidéal go fóill agus is minic a deir sí gurb é an Spidéal an áit is fearr léi ar domhan. Tá an-spéis aici sa taisteal thar lear agus thug sí cuairt ar a lán tíortha i Meiriceá Theas, san Eoraip agus san Áise. Is aoibhinn léi freisin saoire a chaitheamh ar oileáin Árann.

**Ceisteanna**

**1.** Cén post atá ag Eimear le TG4 anois?

| | |
|---|---|
| Iriseoir ceoil | |
| Príomhláithreoir nuachta | |
| Iriseoir spóirt | |

**2.** Cá háit ar fhreastail Eimear ar an meánscoil?

| | |
|---|---|
| Sa Spidéal | |
| Sa Ghaillimh | |
| Ar oileáin Árann | |

**3.** Cad iad na hábhair atá ag Eimear ina céim ollscoile?

| | |
|---|---|
| Ceol agus drámaíocht | |
| Gaeilge agus Gearmáinis | |
| Spórt | |

**4.** Cén bhliain a raibh an chéad díospóireacht toghcháin as Gaeilge ar TG4?

| | |
|---|---|
| 2000 | |
| 2006 | |
| 2011 | |

**5.** Cén rud a bhfuil an-spéis ag Eimear ann?

| |
|---|
| |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

## Ceacht Baile

**(1)**

Nuair a tháinig mé ón scoil inné
bhí Daideo ina shuí sa chistin.
Bhí sé ag éisteacht leis an raidió,
agus ag léamh an pháipéir nuachta.

**(2)**

'Tá an domhan imithe ar strae,' ar sé.
Agus chaoch sé súil chineálta ormsa.
'Ach cuirfidh tusa é ina cheart, a stór,
nuair a bheidh tú i do cheannaire.'




**(3)**


Bhí Mamó taobh leis an sorn ag ullmhú
bhéile an tráthnóna. 'Muise, ná buair
do cheann faoi amaidí na sean!' ar sí,
agus mhuirnigh sí mo leicne lena lámha.

**(4)**

D'fhéach mé trí fhuinneog na cistine.
Bhí an saol amuigh ina chíor thuathail.
Bhí bulaí ceart de snag breac gránna
ag argóint go glórach le spideog cheanndána.

**(le Róise Ní Ghráda)**





**Ceisteanna**

**1.** Cá háit a raibh Daideo ina shuí?

| | |
|---|---|
| Sa scoil | |
| Sa chistin | |
| Taobh amuigh | |

**2.** Cad atá imithe ar strae, dar le Daideo?

| | |
|---|---|
| An raidió | |
| An ceannaire | |
| An domhan | |

**3.** Cé a bhí ag ullmhú bhéile an tráthnóna?

| | |
|---|---|
| Daideo | |
| Mamó | |
| An ceannaire | |

**4.** Cén áit a raibh an saol ina chíor thuathail?

| | |
|---|---|
| Taobh amuigh | |
| Sa chistin | |
| Sa scoil | |

**5.** Cé leis a raibh an snag breac ag argóint?

| |
|---|
| |

## CUID II: ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)


Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas:
4(a), 4(b), 5(a) nó 5(b)

Tá Ceist 4(a) ar leathanach 14.
Tá Ceist 4(b) ar leathanach 15.
Tá Ceist 5(a) ar leathanach 16.
Tá Ceist 5(b) ar leathanach 17.

Tá 45 marc ag gabháil le gach ceist.

Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4(a), 4(b), 5(a) **nó** 5(b).

**Ceist 4(a)** Féach ar na pictiúir thíos. **(45 marc)**










Ryan Tubridy




| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit? | Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Cead isteach? | Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? | Cá rachaidh an t-airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

## FÓGRA

**Ceist 4(b)** Féach ar na pictiúir thíos. **(45 marc)**




Bhí post páirtaimseartha agat in óstán.
Scríobh **litir** chuig do chara ag insint dó/di:

- Faoin óstán a raibh tú ag obair ann (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 1
- Faoi na daoine a bhíonn san óstán (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 2
- Faoin obair a rinne tú san óstán (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 3
- Faoi na rudaí a rinne tú nuair a bhíodh lá saor agat (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 4


**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir: seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.**

**Ceist 5(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. **(45 marc)**

Bhí tú ar **Saoire in Ionad Campála** an samhradh seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin tsaoire sin.


Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Saoire in Ionad Campála



**Ceist 5(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos. **(45 marc)**

Chuaigh tú chuig cluiche i bPáirc an Chrócaigh le do chara.
Tá tú chun scríobh faoi seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).
Scríobh faoin gcluiche i bPáirc an Chrócaigh (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| Cluiche peile<br>Rachaidh mé leat | Cén cluiche?<br>Dhá fhoireann | Cúl<br>An bua ag ... | Ceiliúradh mór<br>Cén áit? |

## Cluiche i bPáirc an Chrócaigh

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Admhálacha**

**Íomhánna**

| | |
|---|---|
| Na híomhánna ar leathanach 3: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 4: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 6: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| An íomhá ar leathanach 8: | www.wikipedia.org |
| An íomhá ar leathanach 10: | www.irishexaminer.com |
| An íomhá ar leathanach 11: | www.tg4.ie |
| Na híomhánna ar leathanach 12: | www.clipart.com |
| Na híomhánna ar leathanach 14: | www.rte.ie, Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 15: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 16: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 17: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |

**Téacsanna:**

| | |
|---|---|
| An téacs ar leathanach 8: | bunaithe ar fhoinsí éagsúla |
| An téacs ar leathanach 10: | bunaithe ar fhoinsí éagsúla |
| An téacs ar leathanach 11: | bunaithe ar fhoinsí éagsúla |


Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Bonnleibhéal

# Gaeilge – Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

Dé Luain 12 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:20